



Dréacht

Plana Gnìomh ~ Plean Gnó 2011-2013

Fís Cholmille:

- Chun comhphobal Gaelach bríomhar idirghníomhach a chruthú ar fud na hÉireann agus na hAlban.

Misean Cholmille:

- Chun comhthuiscint agus comhchaidreamh deimhneach a cheiliúradh agus a chur chun cinn i measc na bpobal Gaelach in Éirinn agus in Albain.

Cuspóirí Straitéiseacha Cholmille:

- Na naisc idir úsáideoirí na dteangacha Ceilteacha (Gaeilge agus Gàidhlig) in Éirinn, in Albain agus idir an dá thír a cheiliúradh
- Samplaí den dea-chleachtas atá i bhfeidhm in Éirinn agus in Albain agus idir an dá thír a chomhroinnt
- Feasacht ar chomhoidhreacht Ghaelach na hÉireann agus na hAlban (teanga agus cultúr) a ardú.

Tosaíochtaí Cholmille le haghaidh 2011 go 2013

- Tionscadail agus comhpháirtíochtaí nua straitéiseacha a aithint agus tosú ar iad a chur i bhfeidhm
- Mórthionscadail nuálacha a spreagadh a théann i bhfeidhm ar agus a léiríonn spriocanna na heagraíochta
- Dea-thoil i leith na Gaeilge agus na Gàidhlig a chothú
- Úsáid a bhaint as foinsí eile maoinithe agus as acmhainní a thacaíonn le cuspóirí Cholmille
- Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a mbeidh ról lárnach aici chun cuspóirí comhpháirtíochta a bhaint amach
- Breis forbartha a dhéanamh ar phróisis iomchuí rialachais, eagrúcháin agus bhainistíochta chun riar ar riachtanais Cholmille de réir mar a athraíonn siad sna trí bliana amach romhainn.

1. Colmille

Is ar an 9 Meitheamh 1997 a sheol Mary Robinson, Uachtarán na hÉireann ag an am agus Brian Wilson, Aire Stáit na hAlban don Oideachas, Tionsclaíocht agus an Ghàidhlig ag an am, Colmille, nó Iomairt Cholm Cille / The Columba Initiative mar a tugadh air roimhe sin. Rinne an tUachtarán Robinson tagairt don ról atá ag Colmille chun "spás oileánda a chruthú dúinn féin, chun ceiliúradh a dhéanamh ar na nithe sin a roinneann Albain agus Éire eadrainn" agus chuir Wilson in iúl an dóchas a bhí aige go ndéanfadh Colmille "tacaíocht don teanga Cheilteach a chothú agus go ndéanfadh sé forbairt ar na naisc idir Albain Ghaelach agus Éirinn".

Tá tacaíocht á tabhairt ag Colmille i gcónaí – clár comhpháirtíochta is ea anois é idir Foras na Gaeilge, an foras a bhfuil sé de chúram aige an Ghaeilge a chur chun cinn agus Bòrd na Gàidhlig, an foras a bhfuil sé de chúram aige an teanga Ghaelach agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn in Albain agus ar bhonn idirnáisiúnta – do thionscadail a chuireann comhoidhreacht teangeolaíochta agus chultúrtha na hÉireann agus na hAlban chun cinn. Baineann sé seo amach trí thionscadail phobalbhunaithe a mhaoiniú agus trí thionscnaimh oideachais, ealaíne, chultúrtha agus fógraíochta a eagrú ar fud na hÉireann, Thuaidh agus Theas agus ar fud na hAlban.

In ainneoin gur fada an Ghàidhlig agus an Ghaeilge ag dul i dtreo an Bhéarla, is beo do na teangacha céanna i gcónaí mar theangacha beo pobail i roinnt croíthailte traidisiúnta Gaidhealtachd/Gaeltachta. Baineann daoine go leor úsáid astu ar bhonn laethúil lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith, i gcathair Ghlaschú, Inverness, Dhún Éideann, Dhoire agus Bhaile Átha Cliath, mar shampla. Tá cumas éigin sa Ghàidhlig ag 92,396 duine in Albain. De réir an Daonáirimh deiridh, tá 58,652 duine in ann Gàidhlig a labhairt, agus tá 33,744 duine breise ann atá in ann a léamh, a scríobh nó a tuiscint. De réir fhigiúirí an Daonáirimh deiridh, is féidir le 1.66 milliún duine i nDeisceart na hÉireann Gaeilge a labhairt, agus tá maíte ag 10.4% de na cónaitheoirí i dTuaisceart na hÉireann go bhfuil eolas éigin acu ar an teanga.

Is é is cuspóir le Colmille, pobail teanga a thabhairt i gceann a chéile agus caidreamh dearfach a chothú. Tá ról cumasaithe ag an chlár comhpháirtíochta chomh maith agus é ag éascú clár dinimiciúil d'fhorbairt tionscadal, agus ag soláthar teagmhálacha, faisnéise agus cúnamh deontais. Cuid d'obair Cholmille is ea comhthuiscint ar dhá theanga mionlaigh a ardú; úsáid agus comhthuiscint ar an dá theanga a éascú; caidreamh a chruthú le réimse leathan páirtithe leasmhara, le lucht féachána leathan agus le pobail áitiúla teanga. Ní amháin go bhfuil clár tionscadal ilghnéitheach ag teastáil ó Cholmille lena chuid cuspóirí a bhaint amach ach tá rannpháirtíocht ó réimse leathan pobal agus eagraíochtaí ag teastáil uaidh chomh maith.

Déanann comhchoiste, ina bhfuil triúr comhaltaí as Bord Stiúrthóirí Fhoras na Gaeilge agus beirt comhaltaí as Bord Stiúrthóirí Bhòrd na Gàidhlig, monatóireacht ar chuspóirí straitéiseacha chomhpháirtíochta Cholmille. Tagann an coiste seo i gceann a chéile 4 huaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Fostaíonn Colmille Oifigigh Forbartha in Albain agus in Éirinn agus cuirtear tacaíocht riaracháin ar fáil in oifigí Fhoras na Gaeilge agus Bhòrd na Gàidhlig. Comhoibríonn an triúr Oifigeach Forbartha atá lonnaithe i nGaoth Dobhair, i mBéal Feirste agus i nGlaschú le chéile i réimse tionscadal agus san fhorbairt agus seachadadh straitéiseach a bhaineann leo. Is faoin Chomhordaitheoir agus oifigigh shinsearachas as Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig bainistiú laethúil Cholmille a mhaoirsiú.

Is féidir le grúpaí pobail comhdhéanta, eagraíochtaí seachbhrabúsacha, eagraíochtaí deonacha nó eagraíochtaí atá ag obair i gcomhar leis na grúpaí céanna iarratas ar

mhaoiniú a dhéanamh le Colmcille. I gcásanna eisceachtúla, is féidir le daoine aonair nó le cuideachtaí brabúsmhara iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh ach sochar soiléir a bheith ann do na pobail teanga is leithne.

Múnlaítear tosaíochtaí straitéiseacha Cholmcille maidir le Sealbhú; Úsáid; Stádas; agus Corpas ar phrionsabail phleanála teanga Fhoras na Gaeilge agus Bhòrd na Gàidhlig

2. Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

Leagtar amach sa phlean seo, plean straitéiseach trí bliana do Cholmcille agus cuireadh na deiseanna agus na dúshláin a bheidh amach romhainn san áireamh ann. Tugann an dá phlean gníomhaíochta a foilsíodh in 2010 agus a cuireadh faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus na hAlban faoi seach, mar atá, Dréacht Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 agus Ginealach Úr na Gàidhlig – a raibh sé d'aidhm acu líon na ndaoine atá ag foghlaim agus atá ag úsáid na Gàidhlig agus na Gaeilge a mhéadú – tugann siad deis fócas straitéiseach nua a bheith ag Colmcille.

Tá súil ag Colmcille, mar thoradh ar a chuid oibre, tuiscint ar thaithí ilghnéitheach agus ar chultúr ilghnéitheach phobail na Gaeilge agus na Gàidhlig a chothú, agus chun plé a spreagadh ar chomhbhuarthaí atá acu maidir le cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta, d'fhonn féinmhuinín a spreagadh sna pobail Ghaeilge.

Ag seo na bunphrionsabail atá ag Colmcille maidir lena chuid oibre uile agus leis na tionscadail atá maoinithe aige:

- go gcuirtear béim láidir ar an teanga, agus go gcónasctar Gaeilge na hAlban agus Gaeilge na hÉireann
- go bhforbraítear caidrimh nua idir pobail a labhraíonn Gaeilge na hAlban agus pobail a labhraíonn Gaeilge na hÉireann; agus go gcuirtear leis na naisc atá ann cheana
- tuiscint ar an tionchar a bhí ag an Ghaeilge ar fhéiniúlacht chultúrtha na hÉireann agus na hAlban araon a ardú
- go gcuirtear foghlaim Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann chun cinn
- nach mór d'eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar mhaoiniú nasc a léiriú idir an eagraíocht agus an tionscadal aige lena cuid comhpháirtithe in Éirinn, i gcás Eagraíochtaí na hAlban, nó lena cuid comhpháirtithe in Albain, i gcás Eagraíochtaí na hÉireann
- go mbíonn tacaíocht agus maoiniú do thionscadal ag brath ar thorthaí soiléire agus intomhaiste a bheith ag an iarratas i dtaca leis an teanga dhúchais aige.

3.1 Forbairt Comhphobail & Shóisialta

3.1.1 Comhthéacs:

Mura ndéantar na pobail labhartha Ghaeilge agus Ghàidhlig a fhorbairt ar bhonn Sóisialta, Comhphobail agus Eacnamaíoch go deimhin féin d'fhéadfaí a mhaíomh gur cúis amú é buanú, sealbhú agus forbairt na teanga. Is í an tuairim atá ag Colmcille, ach luach breise a chur ar theanga dhúchais agus ar thraidisiúin chultúrtha na hAlban agus na hÉireann, agus infheistíocht bhreise a dhéanamh iontu, go neartófar dá bharr féiniúlacht chultúrtha agus tuiscint d'áit, go gcuirfeadh le muinín agus go gcoimeádfar dá bharr na pobail, agus go mbeidh méadú ar ghníomhaíocht fhiontraíoch, ar chruthú gnó agus ar théarnamh

eacnamaíochta. Is eol do chách an ról a d'imir fórsaí eacnamaíocha agus patrúin imirce a bhain leo i leith mheath na teanga thar na céadta bliain. Go deimhin féin, ní féidir le teanga ar bith maireachtáil má bhíonn tosca eacnamaíocha agus sóisialta ag cur ina haghaidh, rud atá ag tarlú, dar le roinnt daoine, i gceantair imeallacha agus thuaithe in Éirinn agus in Albain. Mar gheall ar dhíospóireachtaí le déanaí ar na bonneagair i réigiúin Ghaeltachta/ Gaidhealtachd táthar ag éileamh go dtiocfaí aníos le smaointe nua i dtaca le poist inbhuanaithe a chruthú sna ceantair seo. Tá grúpaí agus eagraíochtaí pobail go leor, lena n-áirítear comharchumainn phobail ag obair in Albain agus in Éirinn, a bhfuil sárobair déanta acu ina leith seo, agus tá dlús breise curtha le forbairt áitiúil mar gheall ar an ardú le déanaí ar an méid talún atá ceannaithe amach ag pobail in Albain. Léiríonn fianaise ó bhéal go bhfuil grúpaí pobail go mór i bhfách le bheith ag foghlaim ó dhaoine eile atá ag obair i gceantair eile, agus le taithí a chomhroinnt leo.

Agus clár gníomhaíochtaí á ullmhú acu beidh Colmcille ag obair i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí sóisialta agus forbartha pobail ábhartha lena spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

3.1.2 Gníomhaíochtaí:

3.1.2.1 **Bheith ag plé le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta le fiosrú faoi dheiseanna ina bhféadfadh Colmcille a bheith ag obair go héifeachtach le cuidiú le tionscnaimh a bhaineann le forbairt shóisialta, pobail agus eacnamaíoch.**

Fiosróidh Colmcille deiseanna le comhoibriú le gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha le smaointeoireacht úr a spreagadh i leith tionscadail shóisialta agus forbartha pobail a chruthú i bpobail labhartha Gaeilge in Éirinn agus in Albain, i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha araon.

Fáiltíonn Colmcille roimh gach cur chuige bríomhar a thógfadh dlúthchaidrimh le réimse leathan d'fhiontair shóisialta agus chomhphobail, a chuideodh leo le bonn teanga a fhorbairt agus a choimeád.

3.1.2.2. **Tacaíocht a mhéadú le haghaidh grúpaí Gaeilge agus Gàidhlig atá ag obair i bhforbairt shóisialta, chomhphobail agus eacnamaíoch lena lánacmhainneacht a bhaint amach ar bhonn fadtéarmaach inbhuanaithe.**

Oibreoidh Colmcille i gcomhpháirtíocht le grúpaí agus le heagraíochtaí áitiúla d'fhonn cáilíocht beatha na ndaoine a fheabhsú, ach d'fhonn a chinntiú chomh maith go mbainfear úsáid níos forleithne as an teanga dhúchais. Cuireann pobail Ghàidhlig/Ghaeilge in Albain agus in Éirinn réimse ilchineálach d'acmhainní, de dheiseanna agus de scileanna ar fáil agus tá mar sprioc ag Colmcille a chinntiú go mbainfidh gach pobal ar fud an réigiúin a lánacmhainneacht amach mar phobal inbhuanaithe agus, san am céanna, go leanfaidh siad i gcónaí dá dteanga dhúchais a úsáid agus a fhorbairt.

Beidh Colmcille go gníomhach ag lorg agus ag dul i dteagmháil le grúpaí pobail atá ag obair sa réimse seo chun iarratais nuálacha le haghaidh tionscadail chomhoibritheacha a spreagadh.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó thionscnaimh nua a spreagann fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch agus comhroinnt taithí i measc an phobail labhartha Gaeilge.

Socróidh Colmcille cuairteanna aimsithe fíricí le haghaidh daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí atá i mbun oibre le teanga, pobal, forbairt shóisialta agus geilleagar cultúrtha. Féachfar sna cuairteanna le go méadófar an tuiscint ar thionscnaimh a spreagann fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch sa phobal labhartha Gaeilge, agus le taithí a chomhroinnt le hÉirinn/Albain.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó ghrúpaí agus eagraíochtaí ar mian leo fiosrú a dhéanamh i dtaca le deiseanna fiontraíochta agus forbartha pobail idir Éirinn agus Albain a théann chun sochair don Ghàidhlig / Ghaeilge i gcúrsaí gnó, i gcúrsaí tráchtála agus i bpobail.

3.2 Oideachas & Foghlaim ar feadh an tSaoil

3.2.1 Comhthéacs

Is ionann cuid mhór de na dúshláin atá roimh Albain agus Éirinn (Thuaidh & Theas) maidir le hoideachas as Gaeilge a fhorbairt agus a sholáthar. Cé nach ionann an cruth atá ar na dúshláin seo mar gheall ar na struchtúir oideachais dhifriúla, tá cuid mhór i gcoiteann eatarthu agus tá bonn luachmhar ann le tuiscintí a chomhroinnt agus le haghaidh comhoibrithe i measc eagraíochtaí oideachais in Éirinn agus Albain, go háirithe i dtaca leis na hacmhainní agus an oiliúint atá ann do mhúinteoirí. Tá Colmcille, thar na blianta, tar éis tacú le tionscadail éagsúla dara leibhéal agus tríú leibhéal idir Albain agus Éirinn. Lena chois sin, tá Colmcille tar éis comhpháirtíocht a éascú faoin bhrat “Comhthuisceant ar an Oideachas lán-Ghaeilge in Albain agus in Éirinn” trínar forbraíodh comhagallamh ag leibhéal foirne agus daltaí idir dhá fhoras atá freagrach as oiliúint múinteoirí do scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus in Albain. Féadann cuairteanna den chineál seo spreagadh agus léargais nua a sholáthar do ghrúpa a mhothaíonn go bhfuil siad aonraithe.

Beidh Colmcille ag obair i ndlúthchomhar leis na forais oideachais ábhartha chun clár gníomhaíochtaí a fhorbairt lena spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, agus le glúin úr de chainteoirí Gàidhlig agus Gaeilge a chruthú.

3.2.2 Tosaíochtaí

3.2.2.1 Comhroinnt dea-chleachtas i dtaca le tumtheagasc teanga agus oideachas luathbhlianta a chur chun cinn.

Eagróidh Colmcille imeacht a thabharfaidh i gceann a chéile múinteoirí agus institiúidí oiliúna in Éirinn agus in Albain a chuirfidh deis ar fáil le haghaidh comhthuisceana agus comhoibrithe eatarthu siúd atá gafa le teagasc teanga.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó institiúidí oideachais le haghaidh tionscnamh a sholáthraíonn deiseanna foghlama agus comhroinnte dea-chleachtais i dtumtheagasc teanga agus in oideachas luathbhlianta.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais le haghaidh tionscnamh a ofrálann deiseanna le staidéar a dhéanamh ar leanúnachas idir na leibhéil éagsúla den oideachas teanga, go háirithe ón leibhéal réamhscolaíochta go dtí an leibhéal bunscolaíochta agus ón leibhéal bunscolaíochta go dtí an leibhéal iar-bhunscolaíochta.

3.2.2.2 Acmhainní teagaisc agus oiliúna comhroinnte a chur chun cinn

Tá iarratais á lorg ag Colmcille le haghaidh tionscnamh a mbeidh de thoradh orthu go ndéanfar acmhainní foghlama agus teagaisc a fhorbairt agus a chomhroinnt idir Éirinn agus Albain.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais le haghaidh comhthionscadal le hacmhainní oideachais a tháirgeadh i nGàidhlig agus i nGaeilge.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ar mhaoiniú le hábhar oideachais nua a tháirgeadh agus a fhoilsiú i nGaeilge agus i nGàidhlig.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais le haghaidh comhthionscadal le leabhair oideachais i nGàidhlig agus i nGaeilge a tháirgeadh.

3.2.2.3 Tacú le tionscnaimh a thugann i gceann a chéile cainteoirí óga Gaeilge as Éirinn agus Albain

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó scoileanna agus ó choláistí le haghaidh cuairteanna malairte mar a mbeadh béim ar chaidrimh fhadtéarmacha a thógáil idir na heagraíochtaí, chomh maith le feacht ar chomhoidhreacht Ghaeilge na hÉireann (Thuaidh agus Theas) agus na hAlban – teanga agus cultúr – a ardú.

3.3 Na hEalaíona & Oidhreacht

3.3.1 Comhthéacs

Tá ról ríthábhachtach ag tionscnaimh Ealaíon & Oidhreachta i dtaca le pobail agus féiniúlacht a athshamlú, i gcumarsáid agus i bhfiosrú eispéireas an phobail agus an duine aonair araon. Cuireann siad fócas ar fáil do phobail Ghaeilge. Cuireann siad pobail mhionlaigh teanga i láthair dóibh féin agus do phobail níos leithne, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar is léir ón rath atá ar An Leabhar Mór, agus ar na cláir a ghabhann leis. Lena chois sin, cuidíonn tionscadail Ealaíon agus Oidhreachta le pobail Ghaeilge agus Ghàidhlig le bheith ag plé lena chéile agus spreagann siad teagmháil, feithiclí cumarsáide, agus bonn leathan disciplíní agus imeachtaí. Mar gheall ar réimse na seánraí, na spriocghrúpaí, na ndisciplíní agus na suíomhanna tá solúbthacht agus réimse réiteach ann nach mbeadh ar fáil i réimsí go leor lasmuigh den réimse oibre seo. Is féidir na healaíona Gaeilge a dhíriú ar spriocghrúpa mórtheanga, mar ar féidir leo feiceálacht na Gaeilge a ardú agus cur le ról na Gaeilge agus na Gàidhlig sa tsochaí.

Beidh Colmcille ag obair i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí ealaíne agus pobail chun clár gníomhaíochtaí a fhorbairt lena spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

3.3.2 Tosaíochtaí

3.3.2.1 Comhoibriú idir ealaíona & oidhreacht Ghaeilge in Éirinn agus in Albain a chur chun cinn mar fhoinsé nuálachta, foghlama agus sármhaitheasa

Tá iarratais á lorg ag Colmcille ó eagraíochtaí ealaíne le haghaidh mórthionscnaimh shárthaispeántais nua a dhéanfaidh an chomhoidhreacht idir Éirinn agus Albain a cheiliúradh.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais le haghaidh tionscadail spreagúil a chuirfear ar thaispeántas poiblí, lena n-áirítear, ach ní go heisiach, filíocht agus próis Gaeilge agus Gàidhlig. Agus traidisiún liteartha agus tallann scríbhneoireachta shaibhir na Gaeilge in Éirinn agus in Albain á cheiliúradh, tá tionscadail

shamhlaíocha á lorg againn a mbeidh mar thoradh orthu go gcuirfear ar taispeántas go poiblí saothair le scríbhneoirí ó gach aois, bíodh sin ar iompar poiblí, ar fhoirgnimh phoiblí, ar shaoráidí fóillíochta nó ionaid phoiblí.

3.3.2.2 Na healaíona & oidhreacht á n-úsáid le caidrimh agus naisc chomhphobail a thógáil idir Éirinn Ghaelach agus Albain

Tacóidh Colmcille le comhroinnt na foghlama idir eagraíochtaí ealaíne agus oidhreachta in Éirinn agus in Albain agus cuirfidh siad é seo chun cinn, agus fáiltíonn siad roimh iarratais chun tacú le tionscadail bhunaidh a bhaineann le damhsa, drámaíocht, amharclannaíocht san oideachas, nó le taibhiú beo.

Cuirfidh Colmcille sparántachtaí ar fáil le gur féidir le healaíontóirí tréimhse chónaitheach a bheith acu ag féilte nó imeachtaí pobalbunaithe agus lorgaíonn siad iarratais ó ealaíontóirí agus ionaid araon.

Tá iarratais á lorg ag Colmcille le haghaidh tionscadal nuálach a thacaíonn le tionscnaimh agus le comhpháirtíochtaí áitiúla a nascann pobail.

3.3.2.3 Spriocghrúpaí nua a thógáil do na healaíona agus don oidhreacht Ghàidhlig in Éirinn agus do Ghaeilge na hÉireann in Albain ina mbeidh foghlaim teanga agus feasacht ar an chineál Gaeilge atá ag a chéile mar chuid de.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó fhéilte agus imeachtaí a thógfaidh spriocghrúpaí nua do na healaíona Gàidhlig in Éirinn agus do Ghaeilge na hÉireann in Albain trí fhoghlaim teanga agus feasacht ar Ghaeilge a chéile a ionchorprú.

Tá iarratais á lorg ag Colmcille le haghaidh taispeántais a bheidh ar camchuart ar feadh trí bliana ar a laghad, agus a bheidh mar fhócas le misean simplí i dtaca leis an bhaint atá ag Colmcille sna healaíona a léiriú agus a chur in iúl.

3.3.2.4 Tacú le sealbhú agus le húsáid teanga i measc daoine óga trí na healaíona cruthaitheacha

Tá iarratais á lorg ag Colmcille ar choimisiún le tionscadal amharclannaíochta san oideachas a tháirgeadh ina mbeidh comhpháirtíocht idir compántas amháin as Éirinn agus compántas amháin as Albain.

Tá iarratais á spreagadh ag Colmcille le haghaidh tionscadal ealaíne a chruthóidh deiseanna do dhaoine óga as Éirinn agus Albain le teacht i gceann a chéile agus tuiscint a ghnóthú ar chomhoidhreacht Ghaelach na hÉireann agus na hAlban – teanga agus cultúr.

3.4 Acmhainní Foghlama

3.4.1 Comhthéacs

Tugann na foilseacháin Dréacht Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 agus Ginealach Ûr na Gàidhlig – dhá phlean gníomhaíochta atá bainteach le hÉirinn agus le hAlban faoi seach a bhfuil sé d'aidhm acu cur le líon na ndaoine a fhoghlaimíonn agus úsáideann an Ghàidhlig agus an Ghaeilge– deis chun fócas nua straitéiseach a bheith ag Colmcille. Bunaíonn Dréacht Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 agus Ginealach Ûr na Gàidhlig araon straitéisí chun dlús a chur leis fhás i líon na gcainteoirí Gaeilge. Tá sé barrthábhachtach go gcothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga chun foghlaim na

Gaeilge a spreagadh, agus tá ról tábhachtach ag Colmcille chun cuidiú leis an dá straitéis seo a bhaint amach.

Beidh Colmcille ag obair i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí agus na forais iomchuí chun clár gníomhaíochtaí a fhorbairt lena spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

3.4.2 Tosaíochtaí

3.4.2.1 Bheith nuálach sa chur chuige againn maidir le hAcmhainní Foghlama

Tacóidh Colmcille le nuálaíocht ag aon leibhéal de shealbhú teanga, ar féidir í a fhorbairt ina dhiaidh sin, chun bonn níos éifeachtaí a chur faoi sholáthar Foghlama Teanga. Folaíonn seo teagmháil le forais acadúla agus le daoine aonair atá in ann straitéisí is éifeachtaí a chruthú chun go mbeidh bláth ar Theagasc agus Fhoghlaim.

Spreagfaidh Colmcille iarratais ó eagraíochtaí chun Feidhmiúcháin Fóin Phóca d'fhoghlaim na Gàidhlig agus na Gaeilge a fhorbairt.

Fáiltíonn Colmcille roimh thograí ar bhréagáin, ríomhchláir agus chluichí a chuireann foghlaim nó úsáid na Gàidhlig agus na Gaeilge chun cinn, i measc an aosa óig go háirithe.

3.4.2.2 Deiseanna a chruthú chun páirt a ghlacadh i dTionscnaimh Foghlama

Fáiltíonn Colmcille roimh chumarsáid ó eagraíochtaí ar mian leo scéimeanna teanga inoibrithe agus táirgiúla a chruthú a mbeidh torthaí soiléire agus intomhaiste acu i dtaca le sealbhú agus buanú comhtheanga.

3.5 An tAos óg

3.5.1 Comhthéacs

Is aidhm do Cholmcille cairdeas agus naisc idir aos óg na hÉireann agus na hAlban a cheiliúradh trí imeachtaí a ardaíonn feasacht ar theangacha, chultúr agus thraidisiúin a chéile a spreagadh, a éascú agus a eagrú. Fáiltíonn Colmcille i gcónaí roimh thograí nua do chomhpháirtíochtaí a thugann deis do dhaoine óga bualadh le cainteoirí Gaeilge as Éirinn agus Albain atá ar chomhaois leo agus cuirtear fáiltear ar leith roimh na tionscadail sin a léiríonn pleananna le haghaidh caidreamh fadtéarmach.

Beidh Colmcille ag obair i ndlúthchomhar leis na forais iomchuí óige, teanga agus oideachais chun clár gníomhaíochtaí a fhorbairt lena spriocanna straitéiseacha don aos óg a bhaint amach.

3.5.2 Tosaíochtaí

3.5.2.1 Aos óg as Éirinn agus as Albain a thabhairt i gceann a chéile chun feasacht a ardú maidir leis an chomhoidhreacht Ghaelach.

Tacóidh Colmcille le tionscadail agus le haon teacht le chéile a chruthaíonn teagmhálacha agus caidrimh fhadtéarmacha idir an t-aos óg as Éirinn agus Albain, go háirithe na comhpháirtíochtaí sin ar aidhm dóibh cuidiú leis an aos

óg a bheith níos muiníní as Gaeilge a úsáid, chomh maith leis an tuiscint acu a mhéadú ar na naisc idir teanga agus cultúr na hAlban agus na hÉireann.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó scoileanna agus ó choláistí le haghaidh cuairteanna malairte mar a mbeadh béim ar chaidrimh fhadtéarmacha a thógáil idir na heagraíochtaí, chomh maith le feachtas ar chomhoidhreacht Ghaeilge na hÉireann (Thuaidh agus Theas) – teanga agus cultúr – a ardú.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó ghrúpaí le haghaidh malartuithe ógra chun daoine óga a chur in aithne lena gcomharsana Ceilteacha d'fhonn an taithí phearsanta acu ar theangacha na Gaeilge a leathnú. Tabharfar tús áite do thionscadail a léiríonn go bhfuil rún acu deiseanna do thimpeallacht lán-Ghaelach a chruthú agus le muinín an aosa óig a mhéadú agus iad ag úsáid na teanga.

Fáiltíonn Colmcille roimh iarratais ó ghrúpaí óige le haghaidh imeachtaí gníomhaíochta na hÉireann/na hAlban sa spórt, sa cheol agus sna healaíona, ach iad a bheith in ann a léiriú gur chuid thábhachtach sa ghníomhaíocht í an Ghàidhlig agus/nó an Ghaeilge.

3.6 Foilsitheoireacht

3.6.1 Comhthéacs

Tá roinnt foilseachán foilsithe ag Colmcille i gcomhar le heagraíochtaí eile, na cinn sin a bhfuil baint acu le taispeántais Leabhar Mòr agus Amra Choluim Chille go háirithe. Thug sé urraíocht do roinnt foilseachán a chuir leis an tuiscint ar phobail teanga, lena n-áirítear *At the Edge – Walking the Atlantic Coast of Ireland and Scotland* agus *Language and Economic Development* le Joseph Murphy. I measc na bhfoilseachán uile, is é Leabhar Mòr is mó ar éirigh leis ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar a shon sin féin, tá tóir mhór ar an léarscáil Tír Cholmcille agus tá ardaith go maith ar an tuiscint ar na naisc i saol Gaelach na hÉireann agus na hAlban dá barr. Cuireann sé le branda Cholmcille agus cuirtear na spriocanna aige in iúl i bhfoirm ghrafach. Tá cás láidir ann ar son foilseachán atá cuimsithe le híomhánna mórshuaithinseacha nó a bhfuil íomhánna mórshuaithinseacha iontu agus a chuireann aidhmeanna Cholmcille in iúl go feiceálach agus atá inmhianaithe iontu féin.

Beidh Colmcille ag obair i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí iomchuí foilsitheoireachta chun clár gníomhaíochtaí a fhorbairt lena spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

3.6.2 Tosaíochtaí

3.6.2.1 Comhpháirtíochtaí le haghaidh forbairt agus cur chun cinn táirgí

Fáiltíonn Colmcille roimh gach cur chuige le haghaidh sineirgí nua i bhfoilseacháin na Gàidhlig.

Tá féidearthachtaí á bhfiosrú ag Colmcille chun inphriontaí nua a chomhroinnt idir foilsitheoirí in Éirinn agus in Albain a mbeidh buntáistí acu do chomhleas na hÉireann agus na hAlban ó thaobh cúrsaí airgeadais, margaíochta agus dáileadh leabhar de.

Fáiltíonn Colmille roimh iarratais le haghaidh tionscadal mórshuaitheach a fhorbraíonn bealaí nua chun Éire Ghaelach agus Albain a léiriú.

Fáiltíonn Colmille roimh iarratais le haghaidh tionscadal comhoibríoch a fhoilsíonn ríomhleabhair as Gàidhlig agus Gaeilge.

3.6.2.2 **Tacú le tionscnaimh chomhfhoilseacháin**

Fáiltíonn Colmille roimh gach cur chuige chun foilseacháin nua do gach aoisghrúpa a mhaoiniú, ach é a bheith in ann a léiriú go soiléir go gcuirfidh an foilseachán leis an tuiscint ar phobail teanga.